**An Roinn Oideachais agus Scileanna**

**Department of Education and Skills**

# Meastóireacht Scoile-Uile
# Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim

# TUAIRISC

## Gaelcholáiste Luimnigh
## Meal Sior Anraí, Luimneach
## Uimhir rolla: 76101I

**Dáta na cigireachta: 5 Nollaig 2013**

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

# Meastóireacht Scoile-Uile
# Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim

Rinneadh meastóireacht scoile-uile ar bhainistíocht, cheannaireacht agus fhoghlaim i mí na Nollag 2013 i nGaelcholáiste Luimnigh. Déantar cur síos sa tuairisc seo ar thátail na meastóireachta agus ar mholtaí a tugadh ar mhaithe le feabhsú na scoile. I rith na meastóireachta, bhuail an fhoireann chigireachta le bord bainistíochta na scoile, leis an bhfoireann bhainistíochta in-scoile agus le grúpaí múinteoirí, tuismitheoirí agus scoláirí. Chomh maith leis seo, bhreathnaigh na cigirí ar raon de cháipéisíocht scoile agus ar na freagraí a tugadh i gceistneoirí agus scrúdaigh siad sonraí eile maidir le feidhmiú na scoile. Mar chuid den mheastóireacht, rinneadh cigireacht ar raon de cheachtanna in ábhair éagsúla. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile ar a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn, agus beidh freagra an bhoird ar fáil san aguisín atá leis an tuairisc seo.

***Réamhrá***

Bunaíodh Gaelcholáiste Luimnigh i 2006, le 31 scoláire, de bharr éileamh ó thuismitheoirí na cathrach agus ceantair maguaird ar ghaeloideachas dara leibhéal do bhuachaillí agus do chailíní. Ní raibh soláthar gaeloideachais dara leibhéal ar fáil do bhuachaillí i gCathair Luimnigh le blianta fada. Feidhmíonn an scoil faoi choimirce Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir. Tá borradh agus fás as cuimse ar an nGaelcholáiste ó bunaíodh é agus tá 510 scoláire ag freastal air faoi láthair. Tá an scoil lonnaithe i suíomh lárchathrach comhdhéanta d'iar-oifigí, arasáin agus seomraí i seanscoil athchóirithe.

## ACHOIMRE AR THÁTAIL AGUS MOLTAÍ D'FHORBAIRT BHREISE

***Príomhthátail***

- Tá sárthaithí ag baill an bhoird bhainistíochta i réimse an oideachais agus i mbainistiú scoileanna agus tá spéis as cuimse acu i bhfás agus i dtodhchaí an ghaelcholáiste.
- Tá an bord bainistíochta thar a bheith bródúil as foireann agus scoláirí na scoile agus as an méid atá bainte amach ó thaobh fhorbairt na scoile de in imeacht ocht mbliana.
- Oibríonn an príomhoide agus an leasphríomhoide as lámha a chéile mar fhoireann bhainistíocht shinsearach den scoth.
- Tá an fhoireann bhainstíochta shinsearach tiomanta d'ardchaighdeán cumarsáide agus idirghabhála idir na páirtithe leasmhara go léir sa scoil.
- Is ceannaire nuálach spreagtha é an príomhoide le buanna láidre a thacaíonn lena ról sa scoil.
- Breathnaíodh neart fianaise le linn na meastóireachta go bhfuil fís na scoile á cur i bhfeidhm go córasach i ngach gné den obair.
- Tá féin-anailís agus féinmheastóireacht i gcroílár gach a tharlaíonn sa scoil.
- Tá úsáid na nua-theicneolaíochta lárnach in obair na scoile mar uirlis chumarsáide agus mar áis luachmhar mhúinteoireachta.
- Mealltar agus spreagtar gach duine sa scoil, idir mhúinteoirí agus scoláirí, chun feidhmiú ag an leibhéal is airde cumais gur féidir.
- Tá córas tréadchúraim éifeachtach i bhfeidhm.
- Comhlíonann leasphríomhoidí cúnta agus baill foirne le poist dualgais speisialta réimse leathan de rólanna agus freagrachtaí agus tá sceideal na bpost ag freagairt do riachtanais na scoile.
- Cruthaíonn leagan amach an fhoirgnimh, líon na scoláirí agus suíomh deighilte na scoile dúshláin don bhainistíocht shinsearach.
- Bhí cáilíocht na foghlama agus an teagaisc sa raon idir sármháith agus an-mhaith.
- Tá acmhainn feabhsúcháin na scoile ag an leibhéal is airde.

***Moltaí d'Fhorbairt Bhreise***

- Moltar na straitéisí litearthachta a ceapadh do cheartúcháin obair bhaile a chur i bhfeidhm ar bhonn níos leithne.

## 1. CÁILÍOCHT BHAINISTÍOCHT AGUS CHEANNAIREACHT NA SCOILE

### *1.1 Úinéireacht agus bainistíocht na scoile*

Is fochoiste de Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir é bord bainistíochta an ghaelcholáiste. Tá sárthaithí ag baill an bhoird sa réimse oideachais agus ar bhainistiú scoileanna agus tugann siad tacaíocht luachmhar don bhainistíocht shinsearach. Tá oiliúint chuí curtha ar fáil do bhaill uile an bhoird. Tá baint ag baill áirithe an bhoird le cur chun cinn na Gaeilge agus le forbairt an ghaeloideachais i gCathair Luimnigh le os cionn caoga bliain agus is ábhar mór mórtais agus bróid dóibh siúd agus do bhaill uile an bhoird an méid atá bainte amach ag comhluadar na scoile in imeacht ocht mbliana. Tá an bord tiomanta do sholáthar ardchaighdeán oideachais trí mheán na Gaeilge do chách. Fáiltítear roimh scoláirí ó gach cúlra oideachais agus eacnamaíoch ach déantar iarracht freastal ar pháistí ghaelscoileanna na cathrach ar dtús chomh maith le deartháireacha agus deirfiúracha iarscoláirí agus scoláirí reatha. Tá an-éileamh ar an scoil agus is cúis díomá í don bhainistíocht go mbíonn ar an scoil scoláirí a dhiúltú le blianta beaga anuas.

Is iad na príomhthosaíochtaí atá aitheanta ag an mbord bainistíochta d'fhorbairt agus do thodhchaí na scoile ná suíomh agus foirgneamh buan a aimsiú a bheidh lárnach do ghaelscoileanna na cathrach agus cur chun cinn an phróisis fhéinmheastóireachta scoile. Tá an fhéinmheastóireacht scoile agus anailís chriticiúil ar gach a thárlaíonn sa scoil lárnach do shainmheon an ghaelcholáiste. Tá an trédhearcacht i ngach rud a tharlaíonn sa scoil fíorthábhachtach don bhord agus don bhainistíocht shinsearach. D'fhonn tábhacht áit na scoláirí sa scoil a aithint, tugtar cuireadh d'ionadaithe na scoláirí freastal ar chruinnithe an bhoird agus moltar an cleachtas seo. Tugtar aiseolas ó bhéal don fhoireann agus dochumann na dtuismitheoirí ar nithe a phléitear ag cruinnithe boird. Moltar go gcuirfí tuairisc aontaithe ar fáil i scríbhinn ar ghnéithe cuí de ghnó an bhoird don bhfoireann agus do chumann na dtuismitheoirí.

Tá cumann tuismitheoirí láidir éifeachtach ag feidhmiú sa scoil. Tugann na baill tacaíocht luachmhar riachtanach don bhainistíocht shinsearach agus don scoil trí imeachtaí sóisialta agus oideachasúla a eagrú do phobal na scoile. Chomh maith leis sin, eagraítear imeachtaí bailiúcháin airgid chun íoc as áiseanna breise substaintiúla a sholáthar sa scoil, mar shampla an bhialann, leabharlann agus clós scoile. Thuairiscigh baill an chumainn go bhfuil cumarsáid den scoth idir an cumann agus an bhainistíocht shinsearach agus gur cabhair an-mhór é sin dóibh. Léirigh an idirghabháil le tuismitheoirí agus torthaí na gceistneoirí a scaipeadh ar thuistí na dara agus na cúigiú bliana go bhfuiltear thar a bheith sásta leis an soláthar oideachais sa scoil agus leis an gcumarsáid leis an mbainistíocht agus leis an bhfoireann mhúinteoirí.

### *1.2 Éifeachtacht na ceannaireachta don fhoghlaim*

Oibríonn an príomhoide agus an leasphríomhoide as lámha a chéile mar fhoireann aontaithe éifeachtach a bhfuil fís chomónta acu do riaradh laethiúil agus do thodhchaí na scoile.Tá an bhainistíocht shinsearach tiomanta d'ardchaighdeán i ngach réimse de shaol na scoile. Tá fís uaillmhianach ag an mbainistíocht agus comhluadar uile na scoile don nua-aimsearthacht san oideachas a chuimsíonn na nithe seo a leanas: oideachas ar ardchaidgheán trí Ghaeilge a sholáthar, cumarsáid mheasúil den scoth a chothú idir na pairtithe leasmhara go léir, trédhearcacht, gach cinneadh a dhéanamh ar leas na scoláirí, anailís chriticiúil a dhéanamh ar bhonn rialta agus féinmheastóireacht a lonnú i gcroílár imeachtaí uile na scoile. Breathnaíodh neart fianaise le linn na meastóireachta a léirigh go bhfuil an fhís sin á cur i bhfeidhm i ngach gné de shaol na scoile.

Tá rólanna soiléire comhlántacha ag an bpríomhoide agus an leasphríomhoide agus bíonn cruinnithe rialta acu chun gnó laethúil agus forbairt na scoile a phlé. Is ceannaire nuálach spreagúil é an príomhoide, le buanna agus scileanna idirphearsanra a thacaíonn lena ról sa scoil. Tá cúram ar leith ar an leasphríomhoide i leith soláthar tréadchúraim do na scoláirí. Tá córas frithbhulaíochta éifeachtach curtha i bhfeidhm sa scoil. Thuairiscigh idir scoláirí agus tuismitheoirí, sna ceistneoirí a scaipeadh le linn na meastóireachta, go mbraitheann na scoláirí sábháilte agus slán in abhanntracht na scoile. Tá ardmheas ar an mbainistíocht shinsearachi measc bhaill an bhoird, na foirne, tuismitheoirí agus na scoláirí. Tá ionchais ardaag an bpríomhoide leis na múinteoirí agus na scoláirí. Freagraíonn pobal na scoile idir mhúinteoirí agus scoláirí do na hionchais arda sin le díograis, obair dhian, caighdeáin arda, gnóthachtáil ghinearálta oideachais, gnóthachtáil fhiúntach i scrúduithe stáit agus rannpháirtíocht i raon leathan comórtaisí spóirt agus gníomhaíochtaí eischuraclaim agus traschuraclaim. Mealltar agus spreagtar gach duine sa scoil chun feidhmiú ag an leibhéal is airde cumais gur féidir.

Is buntáiste mór don scoil é go bhfuil raon leathan postanna freagrachta ar fáil, idir leasphríomhoidí cúnta agus postanna le dualgais speisialta. Comhlíonann leasphríomhoidí cúnta agus baill foirne le dualgais speisialta raon leathan de rólanna agus freagrachtaí. Pléitear réimse agus nádúr na bhfreagrachtaí agus rólanna sin ar bhonn bliantúil agus dáiltear iad bunaithe ar riachtanais na scoile. Déanann an príomhoide gnéithe de riarachán agus oideachais na scoile a tharmligean chuig baill foirne de réir a réimsí spéise agus scileanna. Is cleachtas eiseamláireach é seo agus moltar foireann na scoile as a solúbthacht agus as a dtiomantas do leas na scoile agus d’ardchaighdeáin i ngnéithe uile de riarachán agus eagrúchán an ghaelcholáiste. Breathnaíodh go bhfuil sceideal na bpost ag freagairt do riachtanais na scoile go huile is go hiomlán.

Tá an próiseas féinmheastóireacht scoile faoi lánseol sa scoil agus caitheadh a lán dua le forbairt an phróisis seo. Scaipeadh ceistneoirí ar mhúinteoirí, ar scoláirí agus ar thuismitheoirí sa scoilbhliain 2011/12, mar chuid den phróiseas seo. Aithníodh i gceistneoirí a cuireadh ar thuismitheoirí gur bhraitheadar go raibh easpa tuisceana i measc na scoláirí ar scileanna staidéir. Tá ceacht staidéir ar an amchlár do gach bliainghrúpa i mbliana d’fhonn an t-easnamh sin a shárú agus leanfar leis an gcleachtas sin do scoláirí na chéadbhliana as seo amach.

Tá prionsabal na féinmheastóireachta lárnach in obair agus i spiorad na foirne. Speagtar baill foirne le tabhairt faoi fhorbairt ghairmiúil leanúnach agus tá próiseas aiseolais i bhfeidhm chun an fhoireann ina hiomláine a chur ar an eolas nuair a fhilleann múinteoirí ar an scoil. Ghlac múinteoirí páirt i gcóras piarmheasúnaithe mar chuid den phróiseas féinmheastóireachta scoile. Baintear úsáid as buíonteagasc i gcásanna áirithe sa scoil. Cuireadh oiliúint bhreise ar an bhfoireann i leith trialacha cumais ginearálta agus i leith na litearthachta agus uimhearthachta. Moltar an meon neamhchlaonta i measc na múinteoirí maidir le cabhrú agus foghlaim óna chéile. Ar bhonn níos leithne, tugadh suntas do dhíograis na bainistíochta agus na foirne as a dtiomantas don fheabhsúchán scoile ag gach leibhéal.

Rinneadh go leor oibre le blianta beaga ar phleananna ábhair agus moltar obair na múinteoirí ina leith seo. Tá an t-ábhar seo chomh maith le háiseanna agus ábhair teagaisc ar fáil ar an suíomh gréasáin Timpeallacht Fhíorúil Foghama nó Comhphointe. Tá an córas chun tinreamh scoláirí a chinntiú i bhfeidhm sa scoil freisin agus is féidir le tuismitheoirí eolas suas chun dáta a fháil ar bhonn laethiúil ar thorthaí scrúduithe agus dul chun cinn a bpáistí. Luaigh tuismitheoirí le linn idirghabhála leo mar chuid den mheastóireacht go rabhadar thar a bheith sásta leis an tseirbhís seo.

Tá an fhoireann páirteach i go leor tionscnamh difriúil, mar shampla, an Líonra Scoileanna don tSraith Shóisearach nua. Tá pleanáil chuimsitheach déanta cheana féin ar shraith shóisearach nua a dhearadh don ghaelcholáiste agus tá nuachtlitir seolta chuig tuismitheoirí. Tá an scoil páirteach sa chlár Droichead le haghaidh múinteoirí nuacháilithe. Anuas air sin, tá an gaelcholáiste cláraithe sa Tionscnamh Píolóta Ríomhphunann agus sa tionscnamh Bunachar Sonraí ar Líne d’Iarbhunscoileanna.

Tá córas tréadchuraim éifeachtach i bhfeidhm sa scoil. Bíonn tionól laethiúil ag scoláirí leis an oide ranga agus freastalaíonn an ceann bliana ar cheann de na cruinnithe sin in aghaidh na seachtaine.

Bíonn cruinnithe seachtainiúla ag na cinnbhliana agus freastalaíonn an príomhoide nó an leasphríomhoide ar na cruinnithe sin. Pléitear gach scoláire sa scoil le cinntiú go bhfuil gach duine sábháilte, sásta agus ag feidhmiú de réir cumais. Cuirtear cabhair ar fáil do scoláirí le riachtanais sa bhreis sa suíomh ranga faoi láthair. Déantar cinneadh ar an gcur chuige is fearr ó bhliain go bliain ag brath ar nádúr riachtanais bhreise na scoláirí. Tá cód iompair soiléir i bhfeidhm maraon le dréimire údaráis cuí agus córas chun éachtaí oideachais a aithint. Breathnaíodh go raibh iompar na scoláirí ar ardchaighdeán le linn na meastóireachta. In aineoinn na ndeacrachtaí a bhaineann le dorchlaí agus staighrí cúnga, bogann na scoláirí idir ranganna ar shlí bhéasach mheasúil.

Tuairiscíodh le linn na meastóireachta go bhfuil leas na scoláirí ag croíláir gach cinneadh a dhéantar sa scoil agus bhí fianaise na sprice sin le feiceáil go soiléir. Tá rogha leathan ábhar ar fáil sa scoil agus déantar sár-iarracht a chinntiú go bhfaigheann scoláirí na cúigiú bliana a rogha ábhar. Leagtar béim ar an bpróiseas aistrithe scoile idir an bhunscoil agus an dara leibhéal agus tá córas meántóireachta i bhfeidhm do lucht na céadbhliana. Thagair scoláirí agus tuismitheoirí do dhea-thionchar an chórais seo. Déantar freastal gairmtheoireach an-mhaith ar scoláirí agus tá plean gairmtheoireach thar a bheith cuimsitheach curtha le chéile. Déantar iarracht dhá chruinniú ar a laghad a eagrú do gach scoláire sa chúigiú agus sa séú bliain leis an múinteoir gairmtheorach anuas ar na ranganna ar an amchlár.

Tugadh deimhniú go bhfuil glactha go foirmiúil ag an mbord bainistíochta leis na *Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna*, gan athrú nó leasú, agus go bhfuil cleachtas na scoile ag teacht lena n-éilítear faoi *Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna*.

### *1.3 Bainistíocht ar áiseanna*

Tá an scoil lonnaithe i suíomh lárchathrach a bhfuil idir bhuntáistí agus mhíbhuntáistí ag baint leis. Tá seomraí ranga, seomraí speisialta agus oifigí riaracháin na scoile suite i bhfoirgneamh cúig urlár i meascán d'iaroifigí, arasáin agus seomraí i seanscoil ar shuíomh deighilte. Cruthaíonn leagan amach fisiciúil na scoile agus an líon mór scoláirí ag bogadh idir seomraí ranga dúshláin do bhainistíocht agus do chomhluadar na scoile i gcoitinne. Coimeádtar foirgnimh agus áiseanna na scoile go maith. Tá an foirgneamh slachtmhar, glan agus dea-eagraithe laistigh de na teorainneacha spáis. Cuireann foireann choimhdeach na scoile agus an rúnaí seirbhís d'ardchaighdeán ar fáil agus is tacaíocht luachmhar don scoil iad.

Leagtar an-bhéim sa scoil ar thábhacht na nua-theicneolaíochta agus tá áiseanna den scoth ar fáil don bhfoireann múinteoirí. Baineann scoláirí na hIdirbhliana agus lucht na cúigiú bliana úsáid as iPadanna agus tá iPad ag gach múinteoir freisin. Baintear úsáid éifeachtach as an nua-theicneolaíocht sa scoil mar áis luachmhar mhúinteoireachta, fhoghlama agus chumarsáide.

## 2. CÁILÍOCHT NA FOGHLAMA AGUS AN TEAGAISC

Breathnaíodh 25 ceacht le linn na meastóireachtaa chlúdaigh réimse leathan ábhar agus clár sna bliainghrúpaí go léir. Bhí cáilíocht an teagaisc agus na foghlama sa raon idir sármhaith agus an-mhaith, le samplaí de chleachtas eiseamláireach i go leor ceachtanna. Tugadh spriocanna foghlama ag tús an cheachta i bhformhór na gceachtanna a breathnaíodh agus chuathas siar chun athbhreithniú a dhéanamh ar fhoghlaim na scoláirí i gcuid mhaith cásanna. Moltar an cleachtas seo a leathnú chuig na ceachtanna ar fad.

Tá timpeallacht foghlama éifeachtach cruthaithe sa scoil, le neart ábhair priontáilte ar bhallaí na seomraí ranga. Bhí atmaisféar measúil i bhfeidhm sna seomraí ranga go léir agus bhí cúrsaí araíonachta ar fheabhas.

Bhí ionchais arda ag na múinteoirí dá scoláirí agus rinneadh gach iarracht a chinntiú gur tharla foghlaim éifeachtach le linn na gceachtanna. Bhí foghlaim ghníomhach mar chuid lárnach d'fhormhór na gceachtanna agus cruthaíodh deiseanna iomadúla do scoláirí le bheith ag obair i mbeirteanna agus i ngrúpaí d'fhonn deis a thabhairt dóibh a bheith rannpháirteach agus freagrach as a gcuid foghlama féin. Aithníodh gur tharla foghlaim mhaith le linn na gceachtanna go léir a breathnaíodh. Braitheadh i mionlach beag cásanna go bhféadfaí deiseanna a chruthú do scoláirí le bheith níos gníomhaí ina gcuid foghlama féin.

Bhain na múinteoirí an-úsáid as ceistiúchán mar straitéis chun scoláirí a spreagadh chun cainte agus chun eolas agus tuiscint na scoláirí ar ábhar an cheachta a chinntiú. Baineadh úsáid rialta as ceisteanna ardoird agus cuireadh na dúshláin chuí roimh scoláirí ó thaobh na foghlama de. Ba léir go raibh tuiscint mhaith ag scoláirí ar an ábhar idir lámha agus tugadh suntas don spéis a bhí ina measc, ar an iomlán, sa bhfoghlaim.

Bhí dea-eagar ar na ceachtanna a breathnaíodh, le réamhullmhúchán cuimsitheach déanta ag na múinteoirí agus bileoga saothair, nótaí agus ábhar teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC) réitithe roimhré. Baineadh úsáid as réimse leathan modhanna múinte le linn ceachtanna agus bhí dea-úsáid TFC lárnach i roinnt ceachtanna.

Leagadh an bhéim chuí ar mhúineadh na n-eochairfhocal i bhformhór na gceachtanna a breathnaíodh. I mionlach beag cásanna aithníodh go bhféadfaí straitéisí níos éifeachtaí a úsáid chun eolas na scoláirí ar na heochairfhocail a neartú. Anuas air sin, chuir formhór na múinteoirí an-stró orthu féin úsáid a bhaint as sainthéarmaíocht na n-ábhar éagsúil. Moltar obair na múinteoirí seo go mór. Braitheadh, áfach, go bhféadfaí níos mó béime a leagadh ar fhorbairt na litearthachta scríofa agus ó bhéal le linn na gceachtanna. Moltar tosú le forbairt fheasacht teanga na múinteoirí agus na scoláirí mar chéad chéim. Ba cheart straitéisí a aontú agus a chur i bhfeidhm chun an tuiscint ar thábhacht chruinneas na gramadaí a fhorbairt de réir a chéile. Tá sé tábhachtach an litearthacht ó bhéal a fhorbairt trí abairtí iomlána a lorg mar fhreagraí ar cheisteanna agus trí theanga eiseamláireach a mhúnlú mar shamplaí de dhea-chleachtas ó thaobh labhairt teanga de. Moltar ionchais na múinteoirí maidir le labhairt an Bhéarla i measc scoláirí sa rang Béarla a leathnú. Tuigtear áfach, go bhféadfadh dúshlán a bheith ag baint leis seo toisc comhthéacs teangeolaíoch an ghaelcholáiste.

Go luath sna ceachtanna go léir a breathnaíodh tugadh obair bhaile a bhí ábharach agus dírithe ar an obair idir lámha sa rang. Ba léir freisin ó bhreathnú ar chóipleabhair go dtugtar agus go gceartaítear obair bhaile na scoláirí ar bhonn rialta. Tuairisciodh go gcaitheann múinteoirí dua nach beag leis an ngné seo den teagasc agus moltar a gcuid oibre ina leith seo. Moltar, áfach, go leagfaí níos mó béime ar aiseolas múnlaitheach a thabhairt sna cóipleabhair le treoir agus comhairle chun feabhais.

## 3. CUR I BHFEIDHM MOLTAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ A RINNEADH ROIMHE SEO

### *3.1 Bainistíocht*

Níor tugadh moltaí i meastóireachtaí a rinneadh roimhe seo a bhí dírithe ar bhainistíocht na scoile. Cuireann an bhainistíocht shinsearach ar chumas na múinteoirí foghlaim uathu agus leas a bhaint as tuairiscí cigireachta nuair a thagann siad chun na scoile. Tá próiseas inmheánach leagtha síos faoinar féidir eolas a roinnt agus na príomhthátail agus moltaí a phlé agus a roinnt ar a chéile.

### *3.2 Foghlaim agus teagasc*

Pléitear na tuairiscí cigireachta agus cuirtear ar fáil do phobal na scoile iad. Bíonn na tuairiscí ar fáil freisin ar shuíomh gréasáin an ghaelcholáiste. Bíonn deis ag an roinn ábhair an tuairisc a phlé agus na moltaí a chur i bhfeidhm. Bhíothas sásta go raibh moltaí i gcoitinne á gcur i bhfeidhm trasna an churaclaim.

## 4. PRÓISEAS FÉINMHEASTÓIREACHTA NA SCOILE AGUS ACMHAINN FEABHSAITHE NA SCOILE

Léiríodh le linn na meastóireachta go bhfuil an próiseas féinmheastóireachta faoi lánseol agus ag feidhmiú ag leibhéal an-éifeachtach ar fad. Tá díograis agus spéis nach beag ag an mbainistíocht shinsearach agus ag an bhfoireann sa phróiseas agus chuathas i ngleic leis le fonn agus le fuinneamh. Scaip bainistíocht na scoile ceistneoirí ar phobal uile na scoile agus tá torthaí na gceistneoirí sin curtha le chéile agus á meas de réir a chéile. Léirigh ceistneoirí a scaipeadh ar scoláirí agus ar thuismitheoirí sa scoil le linn na meastóireachta go bhfuil leibhéal sástachta an-ard ina measc i leith gach gné den soláthar oideachais. Bailítear eolas cuimsitheach faoi chumas na scoláirí d'fhonn a chinntiú go bhfuilid ag feidhmiú ag leibhéal a gcumas. Déantar monatóireacht leanúnach ar dhul chun cinn na scoláirí agus pléitear gach scoláire ag cruinnithe idir na cinnbhliana agus an bhainistíocht shinsearach. Tá tuairisc scoile réitithe agus plean feabhsúcháin curtha le chéile agus i bhfeidhm. Déantar anailís chriticiúil ar gach gné den soláthar oideachais agus tréadchúraim do na scoláirí. Tá acmhainn feabhsúcháin na scoile ag an leibhéal is airde.

*Foilsithe Bealtaine 2014*

# Aguisín

## Freagra na Scoile ar an Tuairisc

# Arna chur isteach ag an Bord Bainistíochta

**Réimse 1: Tuairimí ar ábhar na tuairisce scoile**

Cuireann Bord Bainistíochta Ghaelcholáiste Luimnigh fáilte roimh thorthaí na tuairisce ábhair seo. Tá an Bord Bainistíochta rí-shásta leis an dtuairisc thar a bheith dearfach faoi Bhainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim i nGaelcholáiste Luimnigh. Tréaslaíonn an Bord, go tréan, le bainistíocht agus foireann na scoile as fianaise an deá-chleachtais agus ard-mholadh na Cigireachta a leiríodh sa tuairisc seo.

**Réimse 2: Gníómhartha leantacha a rinneadh nó atá beartaithe le déanamh ó cuireadh críoch leis an ngníomhaíocht chigireachta chun tátail agus moltaí na cigireachta a chur I bhfeidhm**

Tá Bainistíocht na Scoile ag déanamh deimhin de go mbeidh córas cheartúcháin don obair bhaile aontaithe ag an bhfoireann uile agus curtha i bhfeidhm ar ball.

Tá pobal uile an choláiste ag tabhairt faoin dtéama ‘Feasacht Teanga’ a chur chun cinn maidir lena gcuid phleanáil ábhair agus múinteoireachta as seo amach.